



22/12/2021

# Gaelscoil Thaobh na Coille

## Nollaig Shona agus Athbhliain faoi Mhaise



### Focal ón bPríomhoide : Dea-scéalta Amháin!

Tá cúpla mí fíor-dhúshlánach eile curtha isteach againn ar fad, daltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí agus táim cinnte go bhfuil gach duine ag súil anois le beagáinín suaimhnis agus síochána thar bhriseadh na Nollag.

Deirtear gur trí na dúshláin a aimsítear neart agus níl aon amhras ach go léiríonn pobal na scoile seo an neart sin de shíor. Gabhaim buíochas libh as bhúr gcomhoibriú agus bhúr dtacaíocht i gcónaí. Le cúnamh Dé, beidh 2022 lán le fuinneamh úr, misneach, dóchas agus sonas.

Tá atmaisféar álainn sona le brath thart timpeall na scoile faoi láthair agus na páistí ag tnúth go mór leis an Nollaig. Tá an-chuid droch-nuachta á chloisteail againn na laethanta ar na méain marsin tá sé i gceist agam díriú ar na dea-scéalta amháin sa nuachtlitr seo!

Ba mhaith liom thar cheann Bord Bainistíochta Ghaelscoil Thaobh na Coille Nollaig mhór mhaith, idir shábháilte agus sláintiúil, a ghuí ar fhoireann, ar tuismitheoirí agus ar dhaltaí uile na scoile. Go mba seacht fearr a bhéas muid bliain go h-am seo - agus ag maireachtáil saol iomlán saor ó Chovid !

*All of us, students, teachers and parents alike, have gone through another really challenging couple of months and I am sure that everyone is looking forward to some peace and quiet over the Christmas break.*

*It is said that strength is found through adversity and there is no doubting the strength and the resilience that the Gaelscoil Thaobh na Coille community continues to display no matter what is thrown at you. Thank you for your continued co-operation and support. Please God, 2022 will be full of fresh energy, courage, hope and happiness.*

*There is a really joyful and happy atmosphere around the school at the moment as the children look forward with great excitement to Christmas. As we're all being bombarded with constant bad news at the moment I intend to only focus on the good news in this newsletter!*

*On behalf of the Board of Management of Gaelscoil Thaobh na Coille I would like to wish a very happy and healthy Christmas to all the staff, parents and pupils of the school. May we be seven times better this time next year - and living a Covid free life!*

Is mise le mór-mheas

*Enaí Ní Choncheadha*





## Scéalta Beaga Ranga

### N1A

Bhí N1A ag obair ar Dhráma na Nollag an mhí seo.



### N1B

Tá N1B ag obair go dian dícheallach ar dhráma na Nollag. Rinne siad go leor cleachtadh ar a gcuid línte agus ag canadh os ard. Tá siad an-bhródúil as an seó agus ní féidir leo fanacht go dtí go bhfaighfidh sibh é.



Saothair Ealaíne N1B

## Class News

*N1A were busy working on the Christmas play this month.*

*An Múinteoir Cliona Seoighe*



*N1B were diligently learning the Christmas play. They did quite a bit of practice on their lines and on singing the songs out loud. They are very proud of the show and they can't wait for their parents to see it.*



Geansaithe Nollaig - Maith sibh Dunnes Stores!





### Leathanach 3



#### N2A

Tá cuairteoir i Rang N2A faoi láthair, Ultan Ulchabhán is ainm dó. Tháinig sé ón bPol Thuaidh le súil a coiméad ar na páistí roimh na Nollag. Is dlúth cara é le Daidí na Nollag! Is maith leis imirt le cluichí na bpáistí agus leabhar a léamh nuair atá na páistí ag obair.

*There is currently a visitor in Class N2A, his name is Ultan Owl. He came from the North Pole to keep an eye on the children in the lead up to Christmas. He's a close friend of Santa's! He enjoys playing with the children's games and reading a book while the children are working.*

*An Múinteoir Ciara Ní Bháille*



#### N2B

Tá N2B ag foghlaim faoi scéal na Nollag. Tá beithilín deas acu sa seomra ranga agus is breá leo a bheith ag féachaint ar an leanbh Íosa ann. Tá siad ag obair go crua ar leabhrán faoi scéal na Nollag chomh maith. Sa leabhrán, scríobhann siad na rudaí a d'fhoghlaim siad faoin scéal.

*N2B are learning about the Christmas story. They have a lovely crib in the classroom and they love looking at the baby Jesus there. They are also working hard completing a booklet based on the Christmas story. In the booklet, they write down what they have learned about the story.*

*An Múinteoir Sinéad Ní Chuireáin*

#### N1C

Tá léiriú ealaíne álainn de radharc na Nollag le feiceáil i seomra N1C

*A beautiful artistic impression of a Christmas scene can be seen in N1C*

Múinteoir Deirdre Uí Dhónaill





## Féilire Aidbhinte

Tá Crann Nollaig mór crochta ar an mballa i aice le hoifig an Phríomhoide - féilire aidbhinte atá ann a bhí lán le bronntanais. Pioctar ainm ceathrar dalta amach as an 'hata' gach lá i rith na haidbhinte agus glaonn an Múinteoir Nic Chonchradha na hainmneacha amach ar an gcóras cumarsáide scoile. Bíonn na páistí ar fad ar bís le cloisteáil ma tarraingíodh a n-ainm féin nó ainm páiste eile ina rang amach. Taithníonn an Aoine go mór leis na páistí mar go dtarraingítear buaiteoirí amach don Aoine, don Satharn agus don Domhnach!



## Bingo na Nollag

D'eagraigh an Múinteoir Mac Uileagóid Bingó seachtanúil do R3 go R6 mar chuid de cheiliúradh na Nollag. Bhí cártaí Bingó ag na daltaí ar fad agus ghlaigh an múinteoir Mac Uileagóid na huimhreacha amach thar an gcóras cumarsáide scoile. Cuireadh duaiseanna ar fail don chéad duine i nach rang a fuair 'line' agus do chéad duine a fuair 'teach lán'. Bhain na daltaí an-taithneamh go deo as.

*An Múinteoir Mac Uileagóid organised a weekly Bingo Game for R3 to R6 as part of the Christmas celebrations. All the pupils had Bingo cards and An Múinteoir Mac Uileagóid called out the numbers over the school communication system. Prizes were awarded to the first person in each class who got a line and to the first person to get a 'full house'. The pupils really enjoyed it.*

## Advent Calendar

A large Santa/Christmas Tree hangs on the wall outside the Principal's office - an advent calendar full of presents. The names of four pupils are picked out of the 'hat' every day during Advent and an Múinteoir Nic Chonchradha calls out the names on the school intercommunications system. All the children are excited to hear if their own name or the name of another child in their class has been pulled out. The children especially enjoy Fridays as winners are drawn out for Friday, Saturday and Sunday!



Daltaí i R4A i mbun cluiche Bingo



An Múinteoir Mac Uileagóid



**R1A & R1B**

Tá go leor Draoidíní Draíochta le feiceáil thart timpeall na scoile agus tá siad ag faire ar na páistí i rith an lae ar scoil agus ag insint do Dhaidí na Nollag cé hiad na páistí atá le dul ar an liosta páistí maithe, deasa.

*There are lots of Magic Elves around the school at present and they are watching the children during the day at school and telling Santa what children are to go on the list of good & nice list. The elves get up to a bit of mischief during the night when the school is quite.*



**R2A** Bhí Rang 2A ag fuáil agus rinne siad na stocaí Nollag áille seo. Tá súil acu go mbeidh féirín iontu lá Nollag!

*R2A were sewing and they made beautiful Christmas Stockings. They hope to find a surprise in them on Christmas Day!*

An Múinteoir Sinéad Nutley



**R2B** Bhíomar fíor-ghnóthach i R2B ag fuáil. Thaispeáin an múinteoir dúinn conas an snáthaid agus olann a úsáid agus ar aghaidh linn ag déanamh Stocaí Nollag! Mhaisigh muid ansin iad. Beidh stocaí álainn nua Nollag ar chrochadh againn um Nollaig agus táimid an-bhródúil astu!!

*We were very busy sewing in R2B. The teacher showed us how to use the needle and wool and we went on to make Christmas Stockings! We then decorated them. We will be hanging our beautiful new Christmas stockings for Christmas. We are extremely proud of ourselves for making them!!!*

An Múinteoir Orla Ní Fhicheallaigh





## Scéalta na Ranganna Sinsearach **Senior Classes News**

Ovair Ealaíne R3A

### R3A

Tá rang a 3A ag baint an-taitneamh as an bhféilire Aidhbhinte atá againn sa rang. Níl ach cúpla fuinneog fágtha len oscailt againn anois. Rinneamar hataí beaga le crochadh ar an gcrann Nollag an tseachtain seo chaite agus tá siad gleoite.

*We are really enjoying our class Advent calendar. We now have only a few windows left to open. We made little hats to hang on the Christmas tree last week and they are cute!*

An Múinteoir Bróna Ní Bhaoil.



### R3B

Bhain R3B an-spraoi as BINGO NA NOLLAG a eagraíodh do ranganna sinsearach na scoile. Ba í Robyn a fuair an chéad líne agus ba é Conor a fuair an chéad teach lán an ar an gcéad lá.

*The class thoroughly enjoyed CHRISTMAS BINGO, which was organised for the classes. Robyn got the first line and Conor got the first full house on the first day it was held.*

An Múinteoir Niamh Ní Dhúill

Fáilte na Nollag go R3B!

### R4B

Bhí obair na gcapall ar siúl i rang a 4B le dhá mhí anuas – a lán rudaí ar siúl ina measc dearadh cártaí Nollag, ár dtionscnaimh ar ainmhithe á chur i láthair againn agus díriú ar léitheoireacht. Bhunaíomar club leabhar Gaeilge ar scoil agus táimid ag cur léitheoireacht phearsanta Bhéarla chun cinn mar dhea-nós laethúil sa rang agus sa bhaile. Tá thart ar 100 leabhar léite ag daltaí 4B le dhá mhí anuas agus breis ar 80 léirmheas leabhar scríofa acu go dtí seo. Go raibh maith agat Dan, Bódhí, Bobby, Ciana agus Aisling as ucht cabhrú le riaracháin agus eagrú na leabharlainne. Táimid ar bís anois ag tnúth leis an Nollag – seo cártaí Nollag deartha ag Charlotte agus Liam agus tionscnamh Harry ar an Dragún Chomódó!

*4th class have been doing trojan work over the past two months – there were lots of things going on including designing Christmas cards, presenting our animal projects and focusing on reading. We have set up an Irish language book club in the class and we are promoting personal English reading as a good daily habit in class and at home. The pupils in R4B have read approximately 100 books in the last two months and have written over 80 book reviews to date. Thank you Dan, Bodhi, Bobby, Ciana and Aisling for helping with the administration and organisation of the library. We're really looking forward to Christmas now - these are Christmas cards designed by Charlotte and Liam and Harry's initiative on the Comodo Dragon!*

An Múinteoir Deirdre Uí Dhiomsaigh





**R5A**

Tá an dul chun cinn déanta ag R5A leis an bhfeadóg stáin. Tá said ag cleachtadh gach lá agus cúpla píosa ceoil ar eolas acu cheana féin.

Bhí na daltaí ag bácáil sa rang an tseachtain seo chaite, ag bácáil brioscaí/Cookies ‘ a bhíodar, ag baint úsáide as ‘Cookie Dó’, tairge déanta ag iar scoláire Ghaelscoil na Coille, Ciarán Mac Giolla Phádraig. Tá ‘Cookie Dó’ ar fáil in ALDI – bainigí triail as – tá na brioscaí ffor-bhlasta!



**R5A**

*5th Class has made progress with the tin whistle. They are practicing every day and know a few pieces of music already.*

*The pupils were baking in class last week, baking cookies, using a product called ‘Cookie Dó’, produced by former Gaelscoil na Coille pupil, Ciarán Mac Giolla Phádraig. ‘Cookie Dó’ is available in ALDI nationwide - give it a go – the cookies are really delicious!*

An Múinteoir Tomas Mac Uileagóid



**R5B**

Rinneamar ealaín peirspictíocht ag baint úsáide as pinn luaidhe agus dath le téamaí geimhridh Nollagach a léiriú. Rinneadh a lán fir sneachta ach tá froganna agus piongain le feiceáil freisin! (féach pictiúir ar an leathanach tosaigh)

**R5B**

*We made perspective art using pencils and colour to illustrate Christmas winter themes. Lots of snowmen were drawn but frogs and penguins featured greatly also! (see pictures on front page)*

An Múinteoir Colm Ó Coisdealbha



**R4A**

Rinne R4A an-obair go deo agus iad ag dearadh cártaí Nollaig. Bhíodar an-chúramach leis an tarraingt agus an dathú isteach. Bhí toradh na hoibre sin le feiceáil ar na pictiúir.

*R4A did a great job designing Christmas cards. They took great care with the drawing and colouring. The result of that work was clearly visible in the pictures.*

An Múinteoir Maoilíosa Ó Dubhthaigh

**R6A**

Bhí Rang a Sé an-ghnóthach ag déanamh ealaín don Nollaig. Rinneamar cruinneog shneachta agus cártaí Nollaig 3T le radharcanna Nollaig iontu. Chomh maith leis sin rinneamar crann Nollaig a chrochamar ar an mballa sa seomra ranga. D'fhoghlaimíomar 'Feed the World' le Band Aid agus chanamar é don fhíseán Nollaig. Tá súil againn gur bhain sibh sult as! Chomh maith leis sin chríochnaíomar an leabhar 'The Silver Sword' a scríobh Iann Serrailier. Bhaineamar an-taitneamh as agus d'fhoghlaimíomar an-chuid faoin saol le linn an Dara Cogadh Domhanda.

*Sixth Class was very busy making art for Christmas. We made a snow globe and 3D Christmas cards with Christmas scenes in them. We also made a Christmas tree that was hung on the wall in the classroom. We learned Band Aid's 'Feed the World' and sang it for the Christmas video. We hope you enjoyed listening to it! We also finished the novel 'The Silver Sword' written by Iann Serrailier. We really enjoyed it and learned a lot about life during World War II.*

An Múinteoir Sarah Ní Fhallamháin

**R6B**

Bhaineamar an-taitneamh as 'Bronntanais Nollaig' a dhearadh sa rang ealaíne. Rinneamar iad le cárta, sreang, scragall stáin agus maircér agus bhíomar an-sásta leis an toradh. D'fhoghlaimíomar fonn nua 'Don Oíche Úd i mBeithil' ar an bhfeadóig stáin agus sheinn roinnt páistí a n-uirlisí féin freisin. Táimid go léir ag súil go mór le laethanta saoire na Nollaig!

*We really enjoyed designing 'Christmas Gifts' in art class. We made them with card, wire, tin foil and marker and we were very pleased with the result. We learned the new tune 'Don Oíche Úd i mBeithil' on the tin whistle and some children played along on their own instruments. We are all really looking forward to the Christmas holidays!*

An Múinteoir Máire Mhic Gabhann & An Múinteoir Máirín Ní Dhubhthaigh

